CINNEADH (AE) 2020/2025 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Nollaig 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194 i gcomhar le hAirteagal 218 (9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ("Comhaontú LEE") i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú.

(3) Tá Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún ([3]) le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE ([4]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([3]) Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO L 312, 28.11.2017, lch. 6).
([4]) Féach doiciméad ST 12942/20 ar http://register.consilium.europa.eu